Easpa Altraí

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar thuairisc ar ball faoi dheacrachtaí foirne in ospidéal na Gaillimhe. Sula bhféachann sibh ar an tuairisc, déan féin agus an duine in aice leat iarracht an leagan Gaeilge de na focail seo atá le cloisteáil inti a chur ar fáil.

1. consultant (doctors) _____
2. staff recruitment _____
3. public sector _____
4. waiting list _____
5. orthopaedic unit _____
6. medical treatment _____
7. reason _____
8. speedily _____
9. operating theatre _____
10. chief executive _____

Ceist 2 Anois féachaigí ar an tuairisc agus faighigí amach an raibh an ceart agaibh i gCeist 1 thuas.

Ceist 3 Tabhair an oiread eolais agus is féidir faoi na daoine / dreamanna seo a leanas:

Dochtúirí comhairleacha

Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte

Altraí

An tAire Sláinte, James Reilly

Ceist 4 '*…athbhreithniú **á** dhéanamh…*' agus '*...othair **á** bhfeiceáil...'*

a) An féidir leat an ghné ghramadaí thuas a mhíniú? Bí ag obair leis an duine in aice leat.

a) Cuir na focail i ngach colún le chéile chun abairtí a chruthú agus déan cibé athrú is gá:

fadhbanna	á	cruthú
obair	á	déanamh
uisce	á	ól
ceisteanna	á	cur
bia	á	ceannach
billí	á	íoc
fadhb	á	cur

Ceist 5 Scríobh amach na focail iomlána i nGaeilge:

Orthopaedic unit:	Aonad ortaip _ _ _ _ _ _ _
Cancer services:	Seirbhísí _ _ _ _ _
Paediatric ward:	Barda _ _ _ _ _ _ traiceach
Accident and Emergency Unit:	Aonad T_ _ _ _ _ _ _ & Éigeand_ _ _
Intensive care unit:	Aonad dianch _ _ _ _ _
Maternity care:	Cúram _ _ _ _ _reachais

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna seo leis na daoine i do ghrúpa.

An bhfuil ospidéal in aice leis an áit a bhfuil tú féin i do chónaí?
Ar mhaith leat bheith i do dhochtúir nó i d'altra? Cén fáth?
Ar dheonaigh tú fuil riamh? Cén fáth?

Freagraí

Ceist 1 agus Ceist 2

1. consultant (doctors)	*dochtúirí comhairleacha*
2. staff recruitment	*earcú foirne*
3. public sector	*earnáil phoiblí*
4. waiting list	*liosta feithimh*
5. orthopaedic unit	*aonad ortaipéideach*
6. medical treatment	*cóir leighis*
7. reason	*údar*
8. speedily	*go scafánta*
9. operating theatre	*obrádlann*
10. chief executive	*Príomhfheidhmeannach*

Ceist 3

Dochtúirí comhairleacha - Tá sé ráite ag dochtúirí comhairleacha in ospidéal na Gaillimhe go mbeidh orthu fáil réidh le leath de na leapacha atá ar fáil d'obráidí ortaipéideacha mar gheall ar an mbac atá ar earcú foirne san earnáil phoiblí. Deir siad san aonad ortaipéideach go mbeidh orthu an méid obráidí a dhéanann siad a laghdú caoga faoin gcéad, de cheal altraí.

Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte - Deir Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte go bhfuil athbhreithniú á dhéanamh ar chúrsaí foirne sna hospidéil.

Altraí – Níl go leor altraí ann le hobráidí a dhéanamh de bharr an bhaic ar earcú foirne. Tá roinnt altraí imithe ar pinsean cheana féin agus altraí eile le himeacht ag deireadh na míosa seo chugainn. Ba cheart go mbeadh ochtar altraí san obrádlann ach bí bheidh ach ceathrar inti faoi mhí Feabhra.

An tAire Sláinte – Deir sé go bhféadfaí solúbthacht éigin a chur i bhfeidhm maidir le cúrsaí earcaíochta in ospidéal na Gaillimhe.

Ceist 4

Tá an 'á' ag tagairt siar don chuspóir, ceanglaíonn an 'á' an cuspóir agus an briathar. Caithfidh inscne agus uimhir a bheith ag teacht lena chéile.

1. Tá fadhbanna á gcruthú toisc an duine sin a bheith anseo.
2. Dá bhfeicfeá an obair atá á déanamh aici.
3. Tá an t-uisce á ól ag an othar anois.
4. Bhí na ceisteanna á gcur a fhad is a bhí mé féin taobh amuigh den seomra.
5. Tá an bia á cheannach ag m'athair faoi láthair.
6. Is mór an trua nach bhfuil ach na billí á n-íoc anois aige, tá sé ró-mhall.
7. Tá an fhadhb á cur in iúl ag na mic léinn anois.

Ceist 5

Orthopaedic unit:	Aonad ortaipéideach
Cancer services:	Seirbhísí ailse
Paediatric ward:	Barda péidiatraiceach
Accident and Emergency Unit:	Aonad Timpistí agus Éigeandála
Intensive care unit:	Aonad dianchúraim
Maternity care:	Cúram máithreachais

Ceist 6

Abair leis na foghlaimeoirí na ceisteanna a phlé ina mbeirteanna nó i ngrúpaí.

Éimear Ní Chonaola
Tá sé ráite ag dochtúirí comhairleacha in ospidéal na Gaillimhe go mbeidh orthu fáil réidh le leath de na leapacha atá ar fáil d'obráidí ortaipéideacha mar gheall ar an mbac atá ar earcú foirne san earnáil phoiblí. Seacht míle duine atá ar liosta feithimh san aonad ortaipéideach faoi láthair. Deir Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte go bhfuil athbhreithniú á dhéanamh ar chúrsaí foirne sna hospidéil.

Máire Treasa Ní Cheallaigh
Tá Pat O'Loughlin bacach le ceithre bliana ó bhuail pian ghlúine[i] é. Tar éis cóir leighis a fháil, dúradh leis go mbeadh air dul faoi scian san aonad ortaipéideach in Ospidéal Pháirc Mhuirlinne agus glúin nua a fháil. Tá sé ar liosta feithimh ó shin. Cuid den údar nach bhfuil othair á bhfeiceáil go scafánta san aonad seo ná go bhfuil bac ar earcú foirne san earnáil phoiblí. Tá roinnt altraí tar éis gabháil[ii] ar pinsean agus tá grúpa altraí eile le himeacht[iii] ag deireadh na míosa seo chugainn. Deir dochtúirí comhairleacha san aonad go mbeidh orthu an méid obráidí a dhéanann siad a laghdú caoga faoin gcéad, (de) cheal altraí. Mar shampla, ba cheart go mbeadh os cionn ochtar altraí[iv] san obrádlann ach faoi mhí Feabhra ní bheidh ann ach ceathrar, rud a chuirfeas leis an méid fanachta a bheas ar othair.

An tseachtain seo caite chas dochtúirí comhairleacha leis an Aire Sláinte lena gcuid imní faoi shábháilteacht othar a chur in iúl. Deir siad go bhfuil seacht míle duine ag fanacht ar chóir leighis agus gur i méid a bheadh an liosta feithimh ag dul, mura bhfaighfear réidh leis an mbac ar earcú foirne.

I ráiteas, deir Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte go bhfuil an Príomhfheidhmeannach nua, a ceapadh ar Ospidéal na Gaillimhe i mbun athbhreithnithe ar na hospidéil ar fad agus ar chúrsaí foirne. Cé go bhfuil bac ar earcú foirne, tá sé ráite cheana féin ag an Aire Sláinte, James Reilly, gurb fhéidir go bhféadfaí solúbthacht éigin[v] a chur i bhfeidhm a bheadh chun tairbhe d'ospidéal na Gaillimhe.

Máire Treasa Ní Cheallaigh, Nuacht TG4, i nGaillimh.

---

[i] *glúine* a deirtear
[ii] *gaibhte* a deirtear
[iii] *le n-imeacht* a deirtear
[iv] *altra* a deirtear
[v] *éigint* a deirtear